Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2024
(OR. en)

11121/24

FISC 136
ECOFIN 708
ONU 77

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Chéad Seisiún den Choiste Ad Hoc chun Téarmaí Tagartha a Dhréachtú do Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhar Cánach Idirnáisiúnta (Nua-Eabhrac, an 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024)<br>- Faisnéis ón Uachtaránacht |

# An Chéad Seisiún den Choiste Ad Hoc chun Téarmaí Tagartha a Dhréachtú do Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhar Cánach Idirnáisiúnta

# (Nua-Eabhrac, an 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024)

## Faisnéis ón Uachtaránacht

1. An 22 Nollaig 2023, ghlac an 77ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 78/230 maidir le 'Comhar cánach idirnáisiúnta cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe'. Glacadh leis an rún trí vóta tromlaigh agus fuair sé tacaíocht fhorleathan ó thíortha i mbéal forbartha, go háirithe Grúpa na hAfraice agus G77. Leagtar amach ann próiseas chun Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach a bhunú.

2. Leis an iarracht ar choinbhinsiún cánach iltaobhach nua, féachtar le córas cánach idirnáisiúnta níos éifeachtaí agus níos cuimsithí a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar bhealach níos fearr ar riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha, lena gcuirfear trédhearcacht chun cinn, agus lena n-áiritheofar go mbeidh gach tír ar comhchéim i socrú an chláir oibre agus i gceapadh beartas agus rialacha cánach domhanda. Is é is aidhm don athrú sin na míchothromaíochtaí agus na heasnaimh a mheastar a bheith sa chóras atá ann cheana maidir le comhar idirnáisiúnta cánach a cheartú.

3. Bunaithe ar shainordú na Náisiún Aontaithe, tá na téarmaí tagartha don chreat-choinbhinsiún maidir le comhar idirnáisiúnta cánach le dréachtú ag Coiste Idir-Rialtasach Ad Hoc neamhiata faoi stiúir na mBallstát. Thionóil an Coiste Ad Hoc a sheisiún eagrúcháin i Nua-Eabhrac an 20-22 Feabhra 2024. Beartaíodh dhá sheisiún shubstainteacha chun leanúint den obair shainordaithe: an chéad cheann ón 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024, agus an dara ceann ón 29 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024, iad araon i Nua Eabhrac, agus faoin am sin ba cheart an obair a thabhairt i gcrích. Leanfar leis an gcaibidlíocht maidir le téacs an choinbhinsiúin ag an gcéad chéim eile.

4. Faoi Uachtaránacht na Beilge, rinne an Mheitheal um Cheisteanna Cánach – Ardleibhéil, faireachán rialta ar fhorbairtí phróiseas na Náisiún Aontaithe agus rinne sí seasaimh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chomhordú laistigh den Chomhairle. Rinne Uachtaránacht na Beilge togra le haghaidh seasamh thar ceann an Aontais agus a Bhallstát agus chuir sí tuairimí uile na mBallstát san áireamh chun comhsheasamh a bhaint amach. Formheasadh an seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don chéad seisiún substainteach den Choiste *Ad Hoc* an 25 Aibreán 2024.[1] Tacaíonn an seasamh le creat láidir idirnáisiúnta um chomhar cánach faoi na Náisiúin Aontaithe chun córas cánach domhanda atá cothrom, cuimsitheach agus éifeachtach a áirithiú. Leagtar béim sa seasamh ar a thábhachtaí atá ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, comhar cánach cuimsitheach cothrom, agus idirphlé domhanda a chothú chun sineirgí beartais a chruthú. Tacaíonn an tAontas leis an gCoinbhinsiún atá beartaithe a ailíniú le tionscnaimh idirnáisiúnta chánach atá ann cheana chun dúbláil a sheachaint agus comhleanúnachas a áirithiú. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le cinnteoireacht atá bunaithe ar chomhthoil chun dearcthaí na dtíortha uile a chur san áireamh agus leagann siad béim ar a thábhachtaí atá sé tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) trí bheartais chánach éifeachtacha.

[1] ST 9129/24 REV 1

5. Díríodh sa phlé le linn an chéad seisiúin shubstaintigh den Choiste *Ad Hoc* ar struchtúr féideartha na dtéarmaí tagartha, lena n-áirítear gnéithe substainteacha an choinbhinsiúin agus ábhair a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh gealltanais ardleibhéil. Rinne an seisiún breithniú freisin ar an tsaincheist maidir le prótacail luatha a fhorbairt ag an am céanna.

6. Maidir le saincheisteanna substaintiúla, díríodh sa phlé tábhachtach ar choincheap shlógadh acmhainní intíre (DRM) agus ar ról an fhothaithe acmhainneachta, ar a thábhachtaí atá sé cáin a ghearradh go héifeachtach ar dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu agus ar bhearta cánach a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil. Ba iad na saincheisteanna ba chonspóidí cánachas cothrom ar ioncam fiontar ilnáisiúnta (FINanna) agus cánachas ar idirbhearta trasteorann. Tá an baol ann freisin go mbeidh forluí ann le réiteach dhá cholún ECFE. Saincheist scoilteach eile ab ea forbairt fhéideartha na bprótacal luath, go háirithe ar cheart an creat-choinbhinsiún (FC) a fhorbairt ar dtús agus gan ach na prótacail a fhorbairt ina dhiaidh sin, nó prótacail chomhuaineacha a fhorbairt maidir le saincheisteanna práinneacha. I measc na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann do phrótacail luatha a d'ardaigh na toscaireachtaí, bhí an méid seo a leanas: sreafaí airgeadais aindleathacha, cánachas ar sheirbhísí trasteorann, cánachas ar an ngeilleagar digiteach, díospóidí a chosc agus a réiteach, cánachas ar dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu, dúshláin chomhshaoil, malartú faisnéise agus dreasachtaí cánach.

7. Mhol Cathaoirleach an Choiste *Ad Hoc* amlíne do na chéad chéimeanna eile, lena n-áirítear dréacht nialais de na téarmaí tagartha agus deiseanna a scaipeadh le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn ó Bhallstáit na Náisiún Aontaithe agus ó pháirtithe leasmhara sa tréimhse roimh an dara seisiún substainteach.

8. Bhí ról gníomhach ag an Aontas Eorpach agus ag a Bhallstáit sa phlé ag an gCoiste *Ad Hoc*. Chuir toscaireacht an Aontais chuig na Náisiúin Aontaithe an seasamh comhaontaithe thar ceann an Aontais agus a Bhallstát agus chuir an Bheilg an seasamh sin i láthair mar Bhallstát a fheidhmíonn Uachtaránacht na Comhairle thar ceann Bhallstáit an Aontais le linn oscailt an chéad seisiúin shubstaintigh den Choiste *Ad Hoc* an 26 Aibreán 2024. Thacaigh Ballstáit eile a bhí rannpháirteach sa seisiún leis an gcomhsheasamh agus rinne siad é a chomhlánú. Le linn an tseisiúin, d'oibrigh Uachtaránacht na Beilge, toscaireacht an Aontais agus seirbhísí an Choimisiúin i ndlúthchomhar le chéile chun cruinnithe rialta comhroinnte faisnéise agus comhordúcháin de chuid an Aontais a reáchtáil. Ceadaíodh rannpháirtíocht fhíorúil do thoscaireachtaí ó na príomhchathracha agus do chomhairleoirí fioscacha/attachés atá lonnaithe sa Bhruiséil freisin. Tionóladh na cruinnithe sin gach re seal le cruinnithe ghrúpa réigiúnach WEOG na Náisiún Aontaithe, agus ina dhiaidh sin tugadh Ballstáit uile an Aontais cothrom le dáta maidir leis an bplé is déanaí. Reáchtáladh gníomhaíochtaí for-rochtana chuig tríú tíortha, chomh maith le cruinnithe le páirtithe leasmhara ábhartha mar shampla eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar a pléadh ar an láthair.

9. Céim ríthábhachtach a bhí sa chéad seisiún substainteach den Choiste *Ad Hoc* chun na dréacht-téarmaí tagartha a ullmhú don ionstraim nua atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le comhar idirnáisiúnta cánach. Agus an tábhacht a bhaineann le comhar idirnáisiúnta cánach atá cuimsitheach, éifeachtach agus cothrom á dearbhú, leagadh béim sa seisiún ar dhifríochtaí suntasacha i seasaimh Bhallstáit agus ghrúpaí éagsúla na Náisiún Aontaithe, go háirithe idir tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha. Tá obair shuntasach fós le déanamh chun dul chun cinn a dhéanamh agus táthar ag súil go dtiocfar ar chomhaontú maidir le roinnt de na saincheisteanna, lena n-áiritheofar go dtabharfar aghaidh go héifeachtach leis an gcreat ar riachtanais na dtíortha uile.